C/2025/1320

13.3.2025

P9_TA(2024)0212

CBL: leasú ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an leasaithe ar an gComhaontú, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha (COM(2023)0736 – C9-0007/2024 – 2023/0419(NLE))

(Comhairliúchán)

(C/2025/1320)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle (COM(2023)0736),

— ag féachaint don dréachtleasú ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, chomhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha (16014/2023),

— ag féachaint d'Airteagal 113 agus d'Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (b), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0007/2024),

— ag féachaint do Rialacha 82 agus 114(8) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0057/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an leasaithe ar an gcomhaontú;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Ríocht na hIorua.